



## POLASAÍ AR NOCHTADH COSANTA

## Ábhar

|   |    |
|---|----|
| 1. Réamhrá.....   | 2  |
| 2. Cé leis a mbaineann an Polasaí ar Nochtuithe?.....       | 3  |
| 3. Príomhphrionsabail an Pholasaí .....                     | 3  |
| 4. Cad is “nochtadh cosanta”?.....                          | 4  |
| 5. Cén cineál nochtá atá clúdaithe ag an bPolasaí? .....    | 5  |
| 6. Cén cineál nochtá nach bhfuil clúdaithe? .....           | 5  |
| 7. Cén uair ar cheart d’oibrí faisnéis a nochtadh? .....    | 5  |
| 8. Faisnéis a nochtadh.....                                 | 6  |
| 9. Nósanna Imeachta chun déileáil le Nochtuithe .....       | 7  |
| 10. Cearta Freagraithe a Chosaint & eile.....               | 9  |
| 11. Taifid .....  | 11 |
| 12. Tuilleadh eolais/Athbhreithniú ar an bPolasaí.....      | 11 |
| Aguisín A: Treoir d’Fhaighteoirí Nochtuithe .....           | 12 |
| Do thasc mar an chéad fhaighteoir – an chéad mheasúnú ..... | 12 |
| Rúndacht.....   | 12 |
| An nochtóir a choinneáil ar an eolas.....                   | 12 |
| Céadfhaighteoir an nochtá - seicliosta.....                 | 13 |
| Aguisín B: Treoir d’Fhiosrú Nochtuithe .....                | 14 |
| Do thasc mar oifigeach fiosrúcháin.....                     | 14 |
| An nochtóir a choinneáil ar an eolas.....                   | 15 |
| Ar chríochnú d’fhiosrúcháin duit .....                      | 15 |
| Fiosrúcháin ar nochtadh – seicliosta .....                  | 16 |

## 1. Réamhrá

Tá Oifig an Choimisinéara Teanga tiomanta do thimpeallacht chuí a chothú chun dul i ngleic le himní a bhaineann le héagóir thromchúiseach a d'fhéadfadh tarlú san ionad oibre agus don tacaíocht riachtanach a chur ar fáil do bhaill foirne, agus do dhaoine eile atá ag obair linn, a léiríonn inní maidir le cúrsaí den sórt sin.

Má tá tuairim réasúnach agat gur tharla éagóir thromchúiseach a bhaineann leis an ionad oibre, go bhfuil a leithéid ag tarlú faoi láthair nó go bhféadfadh a leithéid tarlú amach anseo, ní mór duit é seo a thuairisciú i dtosach báire do do bhainisteoir líne, agus bunús do thuairime a chur in iúl dó/di. Mura bhfuil do bhainisteoir líne ar fáil chun éisteacht le do nochtadh, nó má airíonn tú ar chúis ar bith eile nach féidir leat an t-ábhar a ardú le do bhainisteoir líne, ansin féadfaidh tú an fhaisnéis a nochtadh i scríbhinn d'oifigeach níos sinsearaí agus cóip a chur chuig Stiúrthóir na hOifige.

Rialóidh an polasaí agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa cháipéis seo an bealach a ndéileálfar le nochtuithe.

Gné thábhachtach amháin den Pholasaí is ea go dtabharfar cosaint ó phionós d'oibrithe a nochtann faisnéis atá bunaithe ar thuairim réasúnach. Beidh feidhm ag na cosaintí sin fiú má tharlaíonn sé go bhfaighfear amach ar deireadh thiar go raibh dul amú ar an oibrí faoina (h)ábhar inní nó go raibh sé/sí mícheart, fad is go raibh an nochtadh bunaithe ar thuairim réasúnach. Ní bhaineann spreagadh le hábhar agus cinneadh á déanamh an bhfuil nochtadh cosanta faoin Acht nó nach bhfuil.

D'fhéadfadh eachtra díoltais ar bith in aghaidh duine a thugann tuairisc faoin bpolasaí seo a bheith faoi réir gnímh faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse. Chomh maith leis sin, má tharlaíonn sé go nochtann oibrí faisnéis a thuigeann siad a bheith bréagach nó nach gcreideann siad a bheith fíor, féadfaidh an Oifig gníomh araíonachta nó gníomh cuí eile a ghlacadh.

Tá an creat reachtaíochta do chosaint oibrithe in aghaidh pionóis má nochtann siad faisnéis leagtha amach san Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2014 agus is féidir é a íoslódáil ag:

<http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2014/a1414i.pdf>

Is é cuspóir an Achta creat láidir reachtúil a chur ar fáil faoinar féidir le hoibrithe inní a léiriú maidir le héagóir a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú agus atá tagtha chun solais dóibh san ionad oibre agus iad ar an eolas gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta agus eile má chuireann a bhfostóir pionós orthu nó má fhulaingíonn siad díobháil ar bith as an bhfaisnéis a nochtadh. Tá an chineál pionósú sonraithe in alt 3(1) den Acht, mar seo a leanas:

*ciallaíonn “pionósú” aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéanann difear d'oibrí chun aimhleas an oibrí agus, go háirithe, folaíonn sé—*

*(a) fionraí, asleagan nó dífhostú,*

*(b) íslíú céime nó deis ar ardú céime a chailleadh,*

*(c) aistriú dualgas, athrú ar shuíomh áite oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre,*

*(d) aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a chur i bhfeidhm,*

*(e) cóir éagórach,*

*(f) comhéigean, imeaglú nó ciapadh,*

- (g) idirdhealú, míbhuntáiste nó cóir éagórach,
- (h) díobháil, damáiste nó cailteanas, agus
- (i) bagairt díoltais;

Cuireann an tAcht dualgas ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun déileáil le nochtuithe agus eolas scríofa a chur ar fáil d'oibrithe maidir leis na nósanna imeachta sin.

Forálann Alt 21 den Acht go bhféadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir a eisiúint chun cuidiú le comhlachtaí poiblí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht agus forálann sé freisin go dtabharfaidh comhlachtaí poiblí aird ar threoir ar bith den sórt sin a eisítear. Tá an treoir seo anois eisithe ag an Aire agus tá aird tugtha air in ullmhú an pholasaí atá leagtha amach sa doiciméad seo. Ba chóir an polasaí seo a léamh i gcomhthéacs agus i gcomhpháirt leis an treoir sin <http://www.per.gov.ie/wp-content/uploads/Treoir-faoi-alt-211-den-Acht-um-Nochtadh-Cosanta-2014-dfhonn-cabhr%C3%BA-le-comhlachta%C3%AD-poibl%C3%AD-a-bhfeidhmeanna-a-chomhl%C3%ADonadh.pdf> . Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí i bhfianaise taithe oibriúcháin, de réir mar is cuí.

## Daoine atá Forordaithe do Nochtuithe Cosanta

Tá an Coimisinéir Teanga áirithe ar dhuine de na daoine atá forordaithe le gur féidir le hoibrithe nochtuithe cosanta a dhéanamh leo. Dá réir sin d'fhéadfadh oibrithe nochtú cosanta a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga maidir le haon ábhar a bhaineann le géilliúlacht comhlachtaí poiblí d'fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Uimh. 32 de 2003). Rinneadh uasdátú ar 24 Meán Fómhair 2020 ar an Ionstraim Reachtúil (I.R. 367) a chuimsíonn liosta na ndaoine atá fororduithe don fhreagracht seo. Is féidir an liosta iomlán do dhaoine atá fororduithe a fháil ag: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2020/si/367/made/en/pdf>

Féadfaidh oibrí nochtadh a dhéanamh le duine forordaithe ón liosta sa chás go gcreideann an t-oibrí go réasúnach go dtagann an éagóir ábhartha faoin réimse a bhfuil an duine forordaithe luaite leis i I.R. 339.

## 2. Cé leis a mbaineann an Polasaí ar Nochtuithe?

Tá an polasaí seo infheidhmithe i gcás gach oibrí san Oifig, lena n-áirítear conraitheoirí, comhairleoirí, foireann ghníomhaireachta, daoine faoi oiliúint agus intéirnigh, chomh maith le baill foirne atá fostaithe ag an Oifig.

## 3. Príomhphrionsabail an Pholasaí

Ní mór d'oibrí a bhfuil tuairim réasúnach aige/aici go bhfuil éagóir thromchúiseach a bhaineann leis an ionad oibre tarlaithe, ag tarlú nó le tarlú, de réir gach dealramh, é sin a nochtadh. Tá oibrí a dhéanann nochtadh cosanta ón phionós (nó bagairt pionóis), mar shampla, fionraíocht, leagan as nó dífhostú, ísliú céime, laghdú pá, ciapadh, bagairt díoltais, cailteanas nó déileáil éagórach ar bith eile.

Tá oibrí a bhfuil tuairim réasúnach aige/aici go léiríonn, nó gur nós go léiríonn, an fhaisnéis atá ina nochtadh go bhfuil éagóir atá cuimsithe sa pholasáí seo tarlaithe, ag tarlú, nó gur dócha go dtarlóidh, cosanta i gcoinne pionóis fiú má má fhaightear amach ar deireadh thiar go raibh dul amú ar an oibrí faoina (h)ábhar imní nó go raibh sé/sí mícheart.

Sa chás go léirítear imní, cuirfidh an Oifig na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm:

- caithfear go dáiríre leis an imní agus fiosrófar í má mheastar sin a bheith cuí
- sa chás go gcuirtear fiosrúchán ar bun, coinneofar ainm an té a léirigh an imní faoi rún a mhéid is féidir ar bhonn praiticiúil
- cuirfear comhairle ar an té a léiríonn an imní maidir le conas a ndeachthas i ngleic leis an gceist, lena n-áirítear an toradh a bhí ar aon fhiosrúchán
- ní chuirfear an té a léiríonn an imní faoi mhíbhuntáiste ar aon bhealach as an nochtadh atá déanta, fiú mura n-aimsítear éagóir ar bith **fad is go raibh an imní bunaithe ar thuairim réasúnach**. Beidh measúnú na hOifige ar cibé an raibh ábhar imní bunaithe ar thuairim réasúnach nó nach raibh bunaithe ar conas a dtabharfadh duine réasúnach aghaidh ar an eolas a bhí ar fáil dó/di ag an am a ndearnadh an nochtadh.

D'fhéadfadh eachtra díoltais in aghaidh duine a thugann tuairisc faoin bpolasáí seo a bheith faoi réir gnímh faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse.

Glacfaidh an Oifig gach céim réasúnach chun caitheamh le nochtuithe ar bhealach rúnda agus tuisceanach. Ní nochtfaidh an Oifig ainm an oibrí gan chead, mura n-éilíonn an dlí é sin nó mura bhfuil gá leis ar mhaithe leis an éagóir ábhartha a fhiosrú go héifeachtach. Má shíleann aon fostaí nach bhfuil a chéannacht á chosaint go cuí, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl don Oifig. Déanfar measúnú nó imscrúdú sa chás go gcuirtear sin in iúl agus tógfar na céimeanna cuí nuair is gá.

D'fhéadfadh fostaí a bheith faoi réir gnímh faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse má nochtann sé/sí sonraí go míchuí agus go nochtfaí ainm an oibrí a rinne an nochtadh cosanta mar thoradh air sin. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh fostaí atá ag déanamh iarracht mhíchuí agus neamhriachtanach ainm an oibrí a rinne an nochtadh cosanta a fháil amach, a bheith faoi réir gníomhaíochta faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse.

Má chreideann oibrí go bhfuil pionós á chur air/uirthi as éagóir a nochtadh, ní mór dóibh sin a chur in iúl do Stiúrthóir na hOifige chun sin a chur ina cheart.

#### 4. Cad is "nochtadh cosanta"?

Is ionann nochtadh faisnéise cosanta is nochtadh '*eolas ábhartha*'. Tá faisnéis cáilithe mar fhaisnéis ábhartha sna cásanna seo a leanas:

- Ní mór go gcreidfeadh oibrí go réasúnach go bhfuil an fhaisnéis atá á nochtadh aige/aici ag léiriú 'éagóir ábhartha' amháin nó níos mó – féach ar Mhír 5 thíos.
- Ní mór go mbeadh an éagóir tagtha chun solais don oibrí i ndáil lena p(h)ost. Mar shampla, ní bheidh a nochtadh cosanta má bhaineann sé le cúrsaí i saol pearsanta an duine taobh amuigh den ionad oibre agus gan aon bhaint aige leis an ionad oibre.

## 5. Cén cineál nochtata atá clúdaithe ag an bPolasaí?

Tá nochtadh clúdaithe faoin bPolasaí seo má tá tuairim réasúnach ag an oibrí go bhfuil 'éagóir ábhartha' ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sí. Áiríonn éagóir ábhartha:

- cionta coiriúla;
- teip dualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh;
- iomrall ceartais;
- sláinte nó sábháilteacht duine á cur i mbaol;
- dochar suntasach á dhéanamh don timpeallacht;
- úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí de chistí nó acmhainní chomhlachta phoiblí;
- gníomhaíocht chialaíoch;
- gníomh nó neamhghníomh ag comhlacht poiblí nó thar ceann chomhlachta phoiblí atá leatromach, idirdhealaitheach, an-fhailíoch nó arb ionann é is míbhainistíocht thromchúiseach; agus
- ceilt nó scrios fianaise a bhaineann le cúrsaí tábhachtacha cosúil leis an méid thuas.

## 6. Cén cineál nochtata nach bhfuil clúdaithe?

Is é aidhm an pholasaí seo cúnaimh agus tacaíocht a thabhairt d'oibrí i labhairt amach faoi éagóir fhéideartha, mar atá liostaithe i mír 5 thuas, atá tagtha chun solais dóibh san ionad oibre.

**NÍL** i gceist go bhfeidhmeadh sé mar ionadaí don ghnáth-thuairisciú oibríocháin laethúil.

**NÍ CHLÚDAÍONN** an Polasaí seo nochtadh a dhéantar gan ainm. Cé go ngníomhófar ar nochtadh gan ainm chomh fada agus is féidir, bheadh an cumas é sin a dhéanamh teoranta gan céannacht an nochtóra a bheith ar eolas. Ar ndóigh ní bheadh ar chumas na hOifige an pholasaí seo a leanúint go cuí i gcás mar seo mar nach mbeadh sonraí an té sin ar eolas, agus dá bhrí sin ní fhéadfaí iad a chosaint ó phionósú nó tuairisciú a dhéanamh chucu. Ní féidir le fostaí cosaint a éileamh faoin Acht um Nochtadh Chosanta gan iad féin a aithint.

**NÍ BHEIDH** feidhm ag na cosaintí atá ar fáil faoin bpolasaí seo i gcás nochtadh faisnéise ina bhfuil an t-oibrí, d'aon turas, ag cur faisnéis bhréagach, mhíthreorach, fhánach nó bharránach in iúl. Má tharlaíonn sé go nochtann oibrí faisnéis agus go bhfuil an fhaisnéis sin bréagach nó nach gcreideann siad go bhfuil sí fíor, coimeádann an Oifig an ceart gníomh araíonachta nó gníomh cuí eile a ghlacadh.

**NÍ CHLÚDAÍONN** an Polasaí gearáin phearsanta ná clamhsáin phearsanta.

## 7. Cén uair ar cheart d'oibrí faisnéis a nochtadh?

Ní mór d'oibrí faisnéis a nochtadh má tá, ina dtuairim réasúnach féin, aon cheann de na héagóir ábhartha atá leagtha amach i mír 5 tarlaithe, ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sí nó má tá polasaí na hOifige nó na státseirbhíse sáraithe sa mhéid is go bhféadfaí dochar a dhéanamh do dhaoine eile nó don Oifig.

## 8. Faisnéis a nochtadh

Forálann an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 do chúig bhealach chun faisnéis a nochtadh:

- d'fhostóir nó do dhuine eile atá freagrach;
- do dhuine forordaithe; (ar a n-áirítear An Coimisinéir Teanga)
- d'Aire; (an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta i gcás na hOifige seo)
- do chomhairleoir dlí; nó
- do thríú páirtí i gcásanna eile.

Déileálann an polasaí seo leis an gcéad cheann de na bealaí seo, is é sin, faisnéis a nochtadh d'fhostóir nó do dhuine eile atá freagrach.

Tá Stiúrthóir na hOifige sannta mar Fhaighteoir Ainmnithe na hOifige do nochtuithe. Déanfaidh an Stiúrthóir mairseacht ar an bpróiseas chun déileáil le nochtuithe agus cuirfidh an té sin sonraí maidir le gach nochtuithe ar fáil don Choimisinéir Teanga de réir mar a fhaightear iad agus ina dhiaidh sin de réir mar atáthar ag déileáil leo.

Mura bhfuil an Stiúrthóir ar fáil chun déileáil le nochtadh ar chúis ar bith, féadfaidh an Choimisinéir Teanga oifigeach eile a shannadh chun déileáil leis an ábhar.

Ba cheart d'oibrí ar bith a chreideann go réasúnach go bhfuil éagóir thromchúiseach tarlaithe, nó ar tí tarlú, an fhaisnéis ábhartha a nochtadh dá mbainisteoir líne i dtosach báire. Mura bhfuil do bhainisteoir líne ar fáil chun éisteacht le do nochtadh, nó má airíonn tú ar chúis ar bith eile nach féidir leat an t-ábhar a ardú le do bhainisteoir líne, ansin féadfaidh tú an fhaisnéis a nochtadh i scríbhinn d'oifigeach níos sinsearaí agus cóip a chur chuig Stiúrthóir na hOifige.

Is féidir le fostaithe freisin faisnéis a nochtadh go díreach do Stiúrthóir na hOifige i dtosach báire, más mian leo é. Más mian le oibrí faisnéis a nochtadh a bhaineann le héagóir a bhféadfadh an Stiúrthóir a bheith ceangailte léi, ní mór an fhaisnéis sin a nochtadh go díreach don Choimisinéir Teanga.

Ina theannta sin, féadfaidh oibríthe faisnéis a nochtadh do bhall ar bith de Choiste Iniúcháireachta na hOifige. Sa chás go bhfaigheann an Coiste Iniúcháireachta nochtadh, cuirfidh an Coiste Iniúcháireachta na nochtuithe cosanta faoi bhráid Stiúrthóir na hOifige.

I ngach cás, ní mór nádúr sonracha na héagóra féideartha a chur in iúl ag an am go dtarlaíonn an nochtadh ar dtús. Ba chóir, más féidir, an nochtadh a dhéanamh i scríbhinn nó go leictreonach chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fad curtha ar fáil ag an am go ndéantar an nochtadh ar dtús. Sa chás gur ó bhéal a dhéantar an nochtadh, ba chóir don fhaighteoir an nochtadh sin a thaifeadh. Iarrfar ar an nochtóir an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a dheimhniú d'fhonn díospóid a sheachaint tráth níos déanaí nuair is féidir.

Is iad seo a leanas na sonraí a moltar gur cheart iad a chur ar áireamh i nochtadh:

- a. ráiteas go bhfuil an nochtadh á dhéanamh faoi na nósanna imeachta;
- b. ainm an nochtóra, a áit san eagraíocht, a áit oibre agus a shonraí rúnda teagmhála;

c. dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta a tosaíodh nó a sainaitníodh an éagóir líomhnaithe;

d. cé acu atá nó nach bhfuil an éagóir líomhnaithe á déanamh go fóill;

e. cé acu a nochtadh nó nár nochtadh an éagóir líomhnaithe cheana féin agus, má nochtadh, cé hé an duine dár nochtadh í, cén uair a nochtadh í, agus cén gníomh a rinneadh ina leith;

f. faisnéis i dtaca leis an éagóir líomhnaithe (an rud atá ag tarlú agus conas atá sé ag tarlú / an rud a tharla agus conas a tharla sé) agus aon fhaisnéis tacaíochta;

g. ainm an duine / na ndaoine a líomhnaítear go bhfuil baint acu leis an éagóir líomhnaithe (más eol ainm aon duine agus má mheasann an t-oibrí gur gá duine aonair a shainaithint ar mhaithe leis an éagóir atá á nochtadh a thabhairt chun solais); agus

h. aon fhaisnéis ábhartha eile.

**Níor cheart d'oibrí a bhfuil sé i gceist aige/aici a n-ábhar imní a léiriú tabhairt faoi fhiosrúchán chun a dhearbhu go bhfuil an éagóir ag tarlú.**

Tá fáil ar thacaíocht agus ar chomhairle (seachas comhairle dlí) do nochtóirí tríd an chlár Cúnaimh Fostaithe agus déanfar socrúithe cuí i dtaca le haon tacaíocht nó comhairle eile (seachas comhairle dlí) a theastaíonn.

## 9. Nósanna Imeachta chun déileáil le nochtuithe

Tá dhá céim sna nósanna imeachta chun déileáil le nochtuithe, an Chéad Chéim Mheasúnaithe agus, más cuí, tá an Chéim Fiosrúcháin Iomláin ina dhiaidh sin. Is é cuspóir an Chéad Mheasúnaithe a fháil amach an dtagann an méid atá tuairiscithe faoi scáth an Pholasaí agus má thagann, cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-ábhar sách tromchúiseach le fiosrúchán iomlán a chur ar bun ina leith. Ag gach pointe sa phróiseas, ní mór don té a fhaigheann an nochtadh faoin bpolasaí seo, agus duine ar bith eile a gcuirtear an nochtadh faoina mbráid i gcomhlíonadh a ndualgas, gach céim réasúnach a ghlacadh chun a chinntiú nach nochtar eolas ar bith do dhuine ar bith eile a d'fhéadfadh an té a nocht an fhaisnéis a ainmniú.

### **An Chéad Chéim Mheasúnaithe**

I gcás nochtuithe a dhéantar le daoine nach iad Faighteoir Ainmnithe na hOifige iad, cuirfidh an chéad fhaighteoir Stiúrthóir na hOifige (i.e. Faighteoir Ainmnithe na hOifige) ar an eolas i scríbhinn go bhfuil nochtadh faighte aige/aici agus cuirfidh sé/sí sonraí ar fáil maidir le nádúr na faisnéise atá sa nochtadh.

**Ó tharla nach féidir fios a bheith ag am an nochtála cibé an measfar nó nach measfar nó nach measfar an nochtadh a bheith cosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta ina dhiaidh sin, ní mór don fhaighteoir taifead scríofa a choinneáil dá g(h)níomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte, agus é/í ag déileáil leis an nochtadh.**

Cuirfidh Stiúrthóir na hOifige nochtuithe ar aghaidh i dtosach báire chuig an Bainisteoir atá freagrach as an réimse atá i gceist i gcomhair an chéad mheasúnaithe a dhéanfaidh sé/sí féin. Sa chás go measann sé/sí go bhfuil a leithéid cuí, féadfaidh Stiúrthóir na hOifige measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an ábhar gan é a chur ar aghaidh chuig an Bainisteoir ábhartha ar dtús. Agus an Chéad Chéim Mheasúnaithe ar bun, ní mór don bhainisteoir:



- Taifead a dhéanamh ar an nochtadh agus ar na céimeanna a tógadh chun déileáil leis.
- Soiléiriú a fháil ón oibrí ar bhunús an ábhair imní atá léirithe aige/aici.
- Fáil amach cad í an fhianaise atá ar fáil a thacaíonn leis an ábhar imní.
- Tabhairt faoi na fiosrúcháin ábhartha go tapa, go híogair agus go discréideach, agus gach céim réasúnach is gá a ghlacadh chun a chinntiú nach n-ainmneofar an té a rinne an nochtadh. Más gá ainm an oibrí a thabhairt ar mhaithe le fiosrúchán éifeachtach, téigh i gcomhairle leis an oibrí.

Tá an chéad mheasúnú maidir le cibé an gá nó nach gá an t-ábhar a fhiosrú le bheith curtha i gcrích laistigh de 14 lá. Má chinneann an Bainisteoir nach bhfuil gá lena thuilleadh fiosrúcháin, cuirfidh sé/sí an nochtóir ar an eolas faoi seo agus tabharfaidh sé/sí bunús an chinnidh seo dó/di, a mhéid is féidir. Cuirfidh an Bhainisteoir Stiúrthóir na hOifige ar an eolas faoi seo freisin, chomh maith le bunús an chinnidh.

### **Athbhreithniú ar an gcéad mheasúnú**

Mura bhfuil an nochtóir sásta le cinneadh gan dul ar aghaidh le fiosrúchán, féadfaidh sé/sí na cúiseanna a mheasann sé/sí go dteastaíonn an t-ábhar a fhiosrú a leagan amach do Stiúrthóir na hOifige. Tabharfaidh Stiúrthóir na hOifige faoi mheasúnú neamhspleách ar an ábhar ansin agus ina dhiaidh sin cuirfidh sé/sí nochtóir agus an Bhainisteoir ar an eolas laistigh de 14 lá cibé an mbeadh nó nach mbeadh fiosrúchán níos mionsonraithe cuí. Is ionann cinneadh Stiúrthóir na hOifige gan dul ar aghaidh leis an gceist is cinneadh críochnaitheach 'inmheánach' ar an ábhar.

### **Céim an Fhiosrúcháin Iomláin**

Sa chás go dteastaíonn fiosrúchán, ní mór tús a chur le fiosrúchán iomlán ar an bpointe. Is é príomhchuspóir an fhiosrúcháin measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil an nochtadh bunaithe ar thuairim réasúnach agus é bunata, bunaithe ar thuairim réasúnach ach neamhbhunata nó an tuairisc bhréagach é atá tugtha d'aon turas.

Ag brath ar an gcineál nochtadh, féadfaidh faighteoir an nochtadh cinneadh a dhéanamh tabhairt faoi fiosrúchán é/í féin nó d'fhéadfadh sé/sí an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig oifigeach níos sinsearaí i gcomhair fiosrúcháin má mheasann sé/sí go mbeadh sin níos oiriúnaí. Ba cheart comhairle, má theastaíonn, a ghlacadh ó Stiúrthóir na hOifige.

Ní mór don Oifigeach Fiosrúcháin Stiúrthóir na hOifige a chur ar an eolas faoi thús a bheith curtha le fiosrúchán laistigh de 3 lá oibre. Ní mór freisin don Oifigeach Fiosrúcháin Stiúrthóir na hOifige a chur ar an eolas faoi thoradh an fhiosrúcháin agus faoi mholtaí ar bith a thiocfaidh as, laistigh de 3 lá de chur i gcrích na Céime Fiosrúcháin.

Cuirfear fiosrúchán ar bith a thagann chun cinn mar thoradh ar nochtadh i gcrích ar bhealach a thagann go hiomlán le prionsabail an cheartais aiceanta. Cuirfear an nochtóir ar an eolas faoi dhul chun cinn agus faoi thoradh an fhiosrúcháin, lena n-áirítear aon ghníomh atá beartaithe, laistigh de 14 lá ó chur i gcrích na Céime Fiosrúcháin, ag féachaint do nádúr an ábhair atá á fhiosrú.

Ní féidir amlínte cruinne, ná na céimeanna is gá a thógáil, a leagan amach, ó tharla go mbeidh sé sin ag brath ar nádúr na gceisteanna atá ardaite. Gan cur as do chaighdeán nó do raon an fhiosrúcháin, glacfar gach luas réasúnach is féidir chun fiosrúchán ar bith a thiocfaidh chun cinn as an nochtadh atá déanta ag oibrí a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.

Má tharlaíonn sé, tar éis fiosrúcháin a bheith déanta ar an ábhar, go bhfaighfear amach nach ndearnadh aon éagóir agus go measfar nach raibh tuairim réasúnach ag an bhfaisnéiseoir agus é/í ag líomhnú na héagóra, cuirfear sonraí an cháis ar aghaidh chuig Stiúrthóir na hOifige agus chuig

an Ceannasaí Acmhainní Daonna chun féachaint cibé ar chóir nó nár chóir nósanna imeachta araíonachta a chur i bhfeidhm i gcoinne an té lena mbaineann.

Mar achoimre, ní mór do Bhainisteoirí a bheidh ag tabhairt faoi fhiosrúchán iomlán an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Taifead a dhéanamh ar an nochtadh agus ar na céimeanna a tógadh chun déileáil leis.
- Soiléiriú a fháil ón oibrí ar bhunús an ábhair inmí atá léirithe aige/aici.
- Fáil amach cad í an fhianaise atá ar fáil a thacaíonn leis an ábhar inmí.
- Fianaise a fháil ó aon fhinné ábhartha.
- Measúnú riosca a dhéanamh ar an gceist agus gníomh a thógáil láithreach más rud é go mbaineann caillteanas nó contúirt thromchúiseach do dhaoine eile leis an éagóir.
- Tabhairt faoi na fiosrúcháin ábhartha go tapa, go híogair agus go discréideach, agus gach céim réasúnach is gá a ghlacadh chun a chinntiú nach n-ainmneofar an té a rinne an nochtadh. Más gá ainm an oibrí a thabhairt ar mhaithe le fiosrúchán éifeachtach, ní mór dul i gcomhairle leis an oibrí.
- Measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil an tuairisc ar an nochtadh bunaithe ar thuairim réasúnach ach neamhbhunata, bunaithe ar thuairim réasúnach ach bunata nó tuairisc bhréagach d'aon turas.
- Gníomh cuí a ghlacadh má tá an nochtadh bunata.
- Má tá an nochtadh bréagach in aon turas, ní mór breathnú ar ghníomh a ghlacadh faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse.
- Tuairisc a thabhairt ar an toradh agus gach taifead a sheoladh chuig Stiúrthóir na hOifige laistigh de 3 lá ó chur i gcrích na Céime Fiosrúcháin.
- Aiseolas scríofa a chur ar fáil don oibrí laistigh de 14 lá ó chur i gcrích na Céime Fiosrúcháin, lena n-áirítear aon ghníomh atá beartaithe.

### **Athbhreithniú ar chéim an fhiosrúcháin iomlán**

Is féidir iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú neamhspleách chuig Stiúrthóir na hOifige nó chuig an Choiste Iniúchadh Inmheánaigh, pé ceann acu is cuí agus nach raibh baint acu leis an gcinneadh tosaigh, i gcás na míreanna seo a leanas:

- i. Aon chinneadh a dhéantar chun céannacht an nochtóra a thabhairt chun solais (seachas i gcásanna eisceachtúla);
- ii. An toradh ar aon mheasúnú / ar aon imscrúdú a dhéantar i dtaca leis an nochtadh cosanta; agus
- iii. An toradh ar aon mheasúnú / ar aon imscrúdú i dtaca le haon ghearán maidir le pionósú.

**Déantar deis athbhreithnithe a thairiscint don nochtóir sula dtagann a chéannacht chun solais sa chás go gcinntear é a thabhairt chun solais.**

Ní bheifear i dteideal dhá athbhreithniú maidir leis an aon saincheist.

## **10. Cearta Freagrathaithe a Chosaint & Eile**

Sa chás go ndéantar líomhain in aghaidh duine aonair (an Freagraí), tá sé tábhachtach a chinntiú go dtabharfar cosaint chuig don Fhreagraí. Agus an Oifig ag déileáil le líomhaintí in aghaidh duine aonair,

beifear ag cloí iontu leis na prionsabail ghinearálta um cheartas aiceanta agus um nósanna imeachta córa, de réir mar is cuí.

D'fhéadfadh go n-áireofaí leis an gceart chun nósanna imeachta córa atá ag an bhFreagraí an ceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh na fianaise ina choinne. Beidh gá ann leis an gceart sin a chothromú leis na cearta atá in Acht 2014, mar shampla, an ceart atá ag an nochtóir go gcosnófaí a chéannacht (rud nach dearbhcheart é agus nach bhféadfaí go gcuirfí é i bhfeidhm, mar shampla, i gcásanna ina gcreideann faighteoir an nochtá go réasúnach gur gá céannacht an nochtóra a thabhairt chun solais ar mhaithe le himscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar an éagóir atá i gceist). Beidh dúshlán ar leith ag gabháil leis sin sa chás go ndéantar nochtadh cosanta gan ainm.

Beidh an cheist maidir le cé acu is gá nó nach gá céannacht an nochtóra a thabhairt chun solais ag brath ar fhírící an cháis, lena n-áireofaí, mar shampla, an cheist maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon líomhain in aghaidh duine aonair sa nochtadh, agus cineál na líomhna sin. Breathnóidh faighteoir an nochtá breithniú a dhéanamh ar ábhair den sórt sin agus cinneadh á dhéanamh aige nó aici ar cé acu is féidir nó nach féidir nochtadh cosanta a imscrúdú agus ar chineál aon imscrúdaithe a dhéanfar. I gcás daoine atá ag déanamh nochtadh cosanta, déanfar iad a spreagadh an nochtadh a bhunú ar fhaisnéis a tháinig ar a n-aire, seachas féachaint le tátail a bhaint faoi dhaoine aonair ar leith ná faoi chionta sonracha.

Cé go bhfuil imscrúdú faoi na Nósanna Imeachta difriúil le himscrúdú casaoide, le himscrúdú ar dhínit san ionad oibre agus le himscrúdú araíonachta, tá príomhthéamaí áirithe agus gnéithe comhchoiteanna acu ar fad agus beidh cineál aon imscrúdaithe faoi na Nósanna Imeachta bunaithe ar na nósanna imeachta a mbíonn feidhm acu sa chomhlacht earnála poiblí de ghnáth nuair a bhíonn líomhaintí eile á n-imscrúdú. Má thagtar ar an gconclúid san imscrúdú gurbh amhlaidh go raibh cineál éigin éagóra ann, beidh ar an Oifig a chuimhneamh go bhféadfadh gur ghá an tuarascáil a eiseofar ina leith a úsáid in aon phróiseas araíonachta ina dhiaidh sin. Mar sin, ba cheart dó bheith in ann grinnscrúdú a dhéanfar mar chuid d'aon phróiseas araíonachta a sheasamh agus beidh, nuair is féidir, cur chuige comhchoiteann idir nósanna imeachta den sórt sin.

I bhformhór na gcásanna ina ndéantar nochtadh cosanta le linn próiseas imscrúdaithe, le linn próiseas araíonachta nó le linn próiseas de chineál eile, níor cheart an nochtadh difear a dhéanamh do na próisis shainiúla sin, ach amháin sa chás gurb ionann an gníomh imscrúdaithe, an gníomh araíonachta nó an gníomh de chineál eile agus cineál pionósaithe i leith nochtadh cosanta a dhéanamh.

## 11. Taifid

Coinneoidh Stiúrthóir na hOifige taifid maidir leis an ábhar imní, lena n-áirítear an toradh, ar feadh cúig bliana ar a laghad tar éis dhúnadh an cháis. Coinneofar na taifid faoi rún in áit dhaingean.

Beidh tuairisc achomair ar gach nochtadh cosanta i dTuarascáil Bhliantúil na hOifige.

## **12. Tuilleadh eolais/Athbhreithniú ar an bPolasaí**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ó am go chéile nó nuair a theastaíonn sin ó Choiste Iniúchadh Inmheánaigh na hOifige.

## **Aguisín A: Treoir d'Fhaighteoirí Nochtuithe**

Cuirtear treoir ar fáil san aguisín seo d'oifigigh na hOifige a dtagtar chomh fada leo le nochtadh a líomhnaíonn éagóir thromchúiseach. Is é príomhaidhm an Achta um Nochtadh Cosanta 2014 ('an tAcht') oibrithe a chosaint ó pionós as nochtadh a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha. Tagann Polasaí na hOifige ar Nochtadh Éagóra san Ionad Oibre ('an Polasaí') le forálacha agus rún na reachtaíochta.

### **Do thasc mar an chéad fhaighteoir - an chéad mheasúnú**

Ní féidir a chinneadh ag am an nochtá cibé an dtuairisceoidh nó nach dtuairisceoidh an nochtóir ina dhiaidh sin go bhfuil pionós curtha orthu as an ábhar a ardú. Mar sin, ní mór a choinneáil ar intinn go bhféadfadh nach ndéanfadh duine a bheadh ag tuairisciú éagóir thromchúiseach cur síos ar a dtuairisc mar nochtadh a d'fhéadfadh a bheith faoi chosaint.

Déanann an Polasaí idirdhealú soiléir idir céad mheasúnú agus fiosrúchán iomlán. Cuimseoidh an chéad mheasúnú dhá ghné faoi leith - measúnú ar cibé an dtagann nó nach dtagann an méid atá tuairiscithe faoi scáth an Pholasaí agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-ábhar atá tuairiscithe sách tromchúiseach le fiosrúchán iomlán a chur ar bun ina leith.

Tagann an Polasaí leis na hábhair atá liostaithe mar éagóirí san Acht. Tá siad leathan agus fadréimseach ó thaobh cineáil de agus meastar iad uile a bheith tromchúiseach. In go leor cásanna, ní gá go mbeadh an t-imeacht tarlaithe: d'fhéadfadh go mbeadh an fhéidearthacht go dtarlódh sé dóthanach.

Ní gá go n-éileodh gach ábhar a chuirtear faoi do bhráid fiosrúchán iomlán. Ar na samplaí de chásanna nach n-éileodh fiosrúchán tá cás ina bhfuil an t-oifigeach atá ag tuairisciú duit gann ar na fíricí ábhartha uile nó cás ina bhfuil míthuiscint shimplí tarlaithe.

Má mheastar nach bhfuil fiosrúchán iomlán ag teastáil, ní mór go mbeadh an measúnú as a dtagann an chonclúid sin sách láidir chun bunús an chinnidh sin a chur in iúl don nochtóir.

### **Rúndacht**

Aithnítear san Acht agus sa Pholasaí go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta i gcónaí ainm an nochtóra a choinneáil faoi rún. Tá freagracht ar an Oifig, áfach, ainm an nochtóra a choinneáil faoi rún a mhéid is féidir ar bhonn praiticiúil agus réadúil. Tá sé tábhachtach, mar sin, a chinntiú go dtabharfar faoi chomhairliú ar bith a dhéantar ar bhealach discréideach agus cúramach agus go nglactar gach céim réasúnach chun ainm an nochtóra a choinneáil faoi rún. Más gá ainm an oibrí a thabhairt ar mhaithe le fiosrúchán éifeachtach, ní mór dul i gcomhairle i dtosach báire leis an oibrí.

Tá sé tábhachtach a nótáil freisin go bhféadfadh an té a nocht an fhaisnéis, i gcomhréir leis an Acht, gníomh a thógáil mura gcomhlíontar an riachtanas seo, má fhulaingíonn an té sin cailteanas de bharr nár comhlíonadh é sin.

### **An nochtóir a choinneáil ar an eolas**

Gné ríthábhachtach de chinntiú go gcaitear go dáiríre leis an nochtadh is ea cumarsáid oscailte agus ionraic.

Ní mór a mhíniú nach ionann an chéad mheasúnú is fiosrúchán iomlán agus nach bhfuil an nochtóir faoi mhíbhuntáiste ar aon bhealach as an nochtadh a dhéanamh, bunaithe ar thuairim réasúnach, fiú má fhaightear amach nach bhfuil éagóir ar bith déanta.

Cé go bhfuil gá soiléir aird a dhíriú ar na hiarmhairtí a bhaineann le nochtadh a dhéanamh nach bhfuil bunaithe ar thuairim réasúnach, d'fhéadfadh an iomarca béime ar an ngné seo daoine a chur in aghaidh tuairiscí a thabhairt maidir le héagóir. Bheadh toradh dá leithéid ag dul i gcoinne ceann de phríomhchuspóirí an Pholasaí, is é sin, oibríthe a spreagadh chun labhairt amach faoi éagóir.

### Céadfhaighteoir an nochtá - seicliosta

- |     |   |                          |
|-----|---|--------------------------|
| 1.  | An bhfuil an leagan is déanaí de Pholasaí na hOifige ar Nochtadh Éagóra san Ionad Oibre léite agus ar eolas agat?   | <input type="checkbox"/> |
| 2.  | Ar thug tú aird faoi leith ar do chuid freagrachtaí maidir le bheith cúramach nach scaoilfear eolas a d'fhéadfadh ainm an nochtóir a scaoileadh?  | <input type="checkbox"/> |
| 3.  | An bhfuil cóip den Pholasaí tugtha agat don nochtóir agus iad curtha ar an eolas go gcaithfear go dáiríre lena n-ábhar inmí?  | <input type="checkbox"/> |
| 4.  | Ar chuir an nochtóir in iúl duit ar bhealach sásúil go bhfuil na hábhair atá á ardú aige/aici cuimsithe i gceann de na catagóirí atá leagtha amach i mír 5 den Pholasaí?  | <input type="checkbox"/> |
| 5.  | Más é 'NÍOR CHUIR' an freagra atá ar cheist 4, ar chuir tú an nochtóir ar an eolas nach mór go dtagródh ábhar an nochtá do cheann de na hábhair atá leagtha amach i mír 5?  | <input type="checkbox"/> |
| 6.  | Más é 'CHUIR' an freagra atá ar cheist 4, ar chuir tú an nochtóir ar an eolas go dtabharfaidh tú faoin gcéad mheasúnú agus go rachaidh tú ar ais chuige/chuici lena chur in iúl dó/di cibé an éilíonn nó nach n-éilíonn, i do thuairimse, an t-ábhar fiosrúchán iomlán?               | <input type="checkbox"/> |
| 7.  | Ar mhínigh tú an difríocht idir céad mheasúnú agus fiosrúchán iomlán?   | <input type="checkbox"/> |
| 8.  | Ar mhínigh tú don nochtóir mura bhfuil sé/sí sásta le toradh an mheasúnaithe gur féidir leis/léi an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig oifigeach sinsearach eile nó chuig Stiúrthóir na hOifige agus go dtabharfaidh an t-oifigeach sinsearach eile faoina m(h)easúnú neamhspleách féin? | <input type="checkbox"/> |
| 9.  | Ar mhínigh tú go dtarlóidh sé i gcás go meastar nach mór fiosrúchán a dhéanamh go ndéanfar sin agus go bhféadfadh sé go gcuirfí ar aghaidh chuig oifigeach eile é i gcomhair fiosrúcháin má mheasann tú sin a bheith níos oiriúnaí?   | <input type="checkbox"/> |
| 10. | Ar mhínigh tú na teorainneacha ar rúndacht don nochtóir, mar atá siad leagtha amach sa reachtaíocht um Nochtadh Cosanta?  | <input type="checkbox"/> |
| 11. | Sa chás go bhfuil tú tagtha ar an tuairim nach bhfuil fiosrúchán neamhspleách cuí, an bhfuil an nochtóir curtha ar an eolas agat, a mhéid is féidir, faoin mbunús atá le do thuairim?   | <input type="checkbox"/> |
| 12. | An bhfuil Stiúrthóir na hOifige curtha ar an eolas agat go foirmiúil go bhfuil an nochtadh faighte, nádúr na faisnéise atá ann, toradh do mheasúnaithe agus ainm an oifigh shinsearaigh ar cuireadh an t-ábhar faoina b(h)ráid i gcomhair fiosrúcháin, más cuí.                       | <input type="checkbox"/> |

## Aguisín B: Treoir d'fhiosrú nochtuithe.

Cuireann an t-aguisín seo treoir ar fáil d'oifigh san Oifig atá freagrach as líomhaintí tromchúiseacha maidir le héagóir a fhiosrú faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ('an tAcht'). Cuireann an tAcht cosaint ar fáil d'oibrithe ó phionós óna bhfostóir as nochtadh a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha. Tagann Polasaí na hOifige ar Nochtadh Éagóra san Ionad Oibre ('an Polasaí') le forálacha agus rún na reachtaíochta.

### Do thasc mar oifigeach fiosrúcháin

Is é do chéad thasc a dhearbhú leis an bhfaighteoir a fuair an nochtadh i dtosach (más duine difriúil atá i gceist) go bhfuil Stiúrthóir na hOifige curtha ar an eolas faoi fháil an nochtá, an cineál faisnéise atá sa nochtadh agus an cinneadh a tugadh don nochtóir. Ina dhiaidh sin, ní mór duit Stiúrthóir na hOifige a chur ar an eolas go bhfuil an fiosrúchán idir lámha.

A mhéid is gur mhaith leat dul i gcomhairle leis an oifigeach a nocht an fhaisnéis duit i gcomhair fiosrúcháin, ní mór duit teacht ar do thátaí neamhspleách féin maidir leis an ábhar atá á fhiosrú.

Tá an bealach a dtabharfaidh tú faoi d'fhiosrúchán suas agat féin ag féachaint do chúinsí sonracha an cháis. Tá sé seo, áfach, faoi réir ag dhá chomaoin thábhachtach faoi leith:

- *Ceist rúndachta* - Aithnítear san Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus i bPolasaí na hOifige go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta i gcónaí ainm an nochtóra a choinneáil faoi rún. Tá freagracht ort, áfach, ainm an nochtóra a choinneáil faoi rún a mhéid is féidir ar bhonn praiticiúil agus réadúil. Tá sé tábhachtach, mar sin, a chinntiú go nglacann tú gach céim réasúnach chun ainm an té a rinne an nochtadh faoi éagóir a choinneáil faoi rún. Más gá ainm an oibrí a thabhairt ar mhaithe le fiosrúchán éifeachtach, téigh i gcomhairle leis an oibrí.

Tá sé tábhachtach a nótáil freisin go bhféadfadh an té a nocht an fhaisnéis, i gcomhréir leis an reachtaíocht, gníomh a thógáil mura gcomhlíontar an riachtanas seo, má fhulaingíonn an té sin cailteanas de bharr nár comhlíonadh é sin.

- *Nósanna imeachta córa i leith fiosrúcháin* – Tá sé soiléir i bPolasaí na hOifige go gcuirfeadh fiosrúchán ar bith a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar nochtadh, amhail gach fiosrúchán eile inmheánach, i gcrích ar bhealach atá ag teacht go hiomlán le prionsabail an cheartais aiceanta. Cuimhnigh, chomh maith le do fhreagracht don nochtóir, tá tú freagrach as a chinntiú nach ndéantar líomhaintí i ndáil le héagóir, a d'fhéadfadh a bheith mícheart sin, i gcoinne daoine neamhchiontacha.

Má bhíonn aon treoir ar leith uait maidir le nósanna imeachta córa, moltar duit comhairle a lorg ón Aonad Acmhainní Daonna.

## **An nochtóir a choinneáil ar an eolas**

Is gné ríthábhachtach den ghealltanas atá tugtha go gcaithfear go dáiríre leis an nochtadh í an chumarsáid rialta leis an nochtóir.

Ní mór duit am a thógáil chun do ról sa phróiseas mar atá leagtha amach sa Pholasáí a mhíniú, chomh maith leis an gcineál fiosrúcháin a bheidh tú ag tabhairt faoi. Ní mór a mhíniú go soiléir freisin go bhfuil sé ina bhunphrionsabal den Pholasáí nach bhfuil an nochtóir faoi mhíbhuntáiste ar aon bhealach as an nochtadh a dhéanamh, bunaithe ar thuairim réasúnach, fiú má fhaightear amach nach bhfuil éagóir ar bith déanta. Am cuí a bheadh anseo freisin chun plé a dhéanamh ar na teorainneacha ar rúndacht mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Cé go bhfuil gá soiléir aird a dhíriú ar na hiarmhairtí a bhaineann le nochtadh nach bhfuil bunaithe ar thuairim réasúnach a dhéanamh, d'fhéadfadh an iomarca béime ar an ngné seo daoine a chur in aghaidh tuairiscí a thabhairt maidir le héagóir. Bheadh toradh dá leithéid ag dul i gcoinne ceann de phríomhchuspóirí an Pholasáí, is é sin, oibríthe a spreagadh chun labhairt amach faoi éagóir.

Má tá d'fhiosrúchán ag glacadh go leor ama, ní mór duit, a mhéid is féidir agus is cuí, an nochtóir a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn.

## **Ar chríochnú d'fhiosrúchán duit**

Beag beann ar an gcineál toradh atá air, tá dualgas ort faoin bPolasáí Stiúrthóir na hOifige a chur ar an eolas faoi thoradh d'fhiosrúchán. Is gá duit an nochtóir a chur ar an eolas faoi do thoradh freisin.

Sa chás go bhfuil tú tagtha ar thátaí nach raibh an nochtóir ar an eolas go hiomlán faoi na fíricí ar fad nó go raibh dul amú go fírinneach air/uirthi ina dtuairim faoi cad a tharla nó faoi cad a d'fhéadfadh tarlú, tá sé thar a bheith tábhachtach bunús do thátaí a mhíniú don nochtóir. Ó tharla go bhfuil ceart faoin reachtaíocht ag nochtóir an fhaisnéis a nochtadh in áit eile d'fhéadfadh go dtarlódh sé sin mura n-éiríonn leatsa cúrsaí a mhíniú go cuí dó/di.

I gcás go bhfuil tú tagtha ar thátaí nach ndearna an nochtóir a nochtadh bunaithe ar thuairim réasúnach - is é sin le rá go ndearnadh an nochtadh ar chúiseanna fánacha nó bearránacha - ní mór duit Stiúrthóir na hOifige agus an Ceannasaí Acmhainní Daonna a chur ar an eolas agus déanfaidh siad sin cinneadh ar chóir nósanna imeachta araíonachta a chur i ngnímh i gcoinne an té atá i gceist.

Is ábhar tromchúiseach nochtadh a dhéanamh agus an fiosrúchán a tharlaíonn dá bharr. Ba cheart duit taifead a choinneáil ar na céimeanna ar fad a ghlacann tú le linn do chomhráite leis an nochtóir agus le linn d'fhiosrúchán. Tá seicliosta ullmhaithe chun tú a threorú agus ba chóir duit é a shíniú agus a choinneáil do do thaifid. Ó tharla nach bhfuil aon teorainneacha ama leagtha amach sa reachtaíocht ná sa Pholasáí, tá sé tábhachtach go gcoinneoidh tú do thaifid go dtí go mbeidh gach ábhar a bhaineann leis an nochtadh curtha i gcrích chun do shástachta.



## Fiosrúchán ar nochtadh - seicliosta

1. An bhfuil an leagan is déanaí de Pholasáí na hOifige ar Nochtadh Éagóra san Ionad Oibre léite agus ar eolas agat?
2. Ar thug tú aird faoi leith ar do chuid freagrachtaí maidir le bheith cúramach nach scaoilfear eolas a d'fhéadfadh ainm an té a nocht an fhaisnéis a scaoileadh?
3. Ar chas tú leis an nochtóir agus ar chuir tú ar an eolas iad go gcaithfear go dáiríre lena n-ábhar imní?
4. Ar dhearbhaigh tú leis an gcéad fhaighteoir (más duine difriúil atá i gceist) go bhfuil Stiúrthóir na hOifige curtha ar an eolas faoi fháil an nochtá, an cineál faisnéise atá ann, toradh a c(h)éad mheasúnaithe agus go bhfuil an t-ábhar curtha faoi do bhráid i gcomhair fiosrúcháin?
5. An bhfuil Stiúrthóir na hOifige curtha ar an eolas agat bhfuil tús curtha leis an bhfiosrúchán?
6. An bhfuil an nochtóir curtha ar an eolas agat go bhfuil tú ag fiosrú an nochtá, go gcoinneoidh tú é/í ar an eolas faoi dhul chun cinn an fhiosrúcháin mar is cuí agus go gcuirfidh tú é/í ar an eolas faoi thoradh an fhiosrúcháin nuair a bheidh sé curtha i gcrích?
7. Ar mhínigh tú na teorainneacha ar rúndacht don nochtóir, mar atá siad leagtha amach sa reachtaíocht um Nochtadh Cosanta?
8. Ar mhínigh tú don nochtóir mura bhfuil sé/sí sásta le toradh d'fhiosrúcháin go bhfuil roghanna eile oscailte dó/di maidir leis an nochtadh?
9. An bhfuil tú ar an eolas faoi na nósanna imeachta maidir le fiosrúchán a chur i gcrích, agus na prionsabail maidir le ceartas aiceanta á gcur san áireamh?
10. An bhfuil an nochtóir curtha ar an eolas agat faoi thoradh d'fhiosrúcháin agus ar mhínigh tú, a mhéid is féidir, na cúiseanna atá le do chinneadh?
11. Má tháinig tú ar an tátal nach raibh tuairim réasúnach ag an nochtóir go raibh éagóir i gceist nuair a bhí sé/sí ag nochtadh an fhaisnéis, an bhfuil Stiúrthóir na hOifige agus an Ceannasaí Acmhainní Daonna curtha ar an eolas agat i gcomhair a thuilleadh aird?
12. An bhfuil Stiúrthóir na hOifige curtha ar an eolas go foirmiúil agat faoi thoradh d'fhiosrúcháin?